Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**9313/1/19**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0105(COD)**

**CODEC 1080**
**ENFOPOL 245**
**JAI 521**
**EF 194**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>-Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 17 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 87(2) CFAE[2][3], ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 12 Iúil 2018[4].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 17 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa[5] ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

---

[1] 8411/18.
[2] I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éire gur mian leo bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.
[3] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
[4] IO C 367, 10.10.2018, lch. 84.
[5] 8450/19.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 64/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Gearmáine ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 agus 3 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;

– a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 3 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, atá in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo agus a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thabhairt dá haire.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.